



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2020  
(OR. en)

13028/19

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2019/0218 (NLE)**

---

---

**FDI 32  
SERVICES 50  
WTO 272**

### **GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

---

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh i dtaobh an nós imeachta maidir le léirithe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 8.31.3 agus 8.44.3(a) CETA mar larscríbhinn a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta

---

**CINNEADH (AE) 2020/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh  
i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach  
Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt,  
agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le  
cinneadh a ghlacadh i dtaobh an nós imeachta maidir le léirithe a ghlacadh  
i gcomhréir le hAirteagail 8.31.3 agus 8.44.3(a) CETA  
mar Iarscríbhinn a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír  
d'Airteagal 207(4), in éineacht le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle<sup>1</sup>, déantar foráil maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile<sup>2</sup> ("an Comhaontú"). Síníodh an Comhaontú an 30 Deireadh Fómhair 2016.
- (2) Le Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle<sup>3</sup>, déantar foráil maidir le codanna den Chomhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach, lena n-áirítear bunú Chomhchoiste CETA agus an Choiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht. Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ón 21 Meán Fómhair 2017 i leith.
- (3) De bhun Airteagal 26.3.1 den Chomhaontú, tá sé de chumhacht ag Comhchoiste CETA, chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach, cinntí a dhéanamh maidir leis na hábhair uile a fhoráiltear amhlaidh leis an gComhaontú.

---

<sup>1</sup> Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1).

<sup>2</sup> IO L 11, 14.1.2017, lch. 23.

<sup>3</sup> Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1080).

- (4) De bhun Airteagal 26.3.2 den Chomhaontú, tá na cinntí a dhéanfaidh Comhchoiste CETA le bheith ina gceangal ar na Páirtithe, faoi réir aon cheanglais agus nósanna imeachta inmheánacha is gá a thabhairt chun críche, agus tá na cinntí sin le cur chun feidhme ag na Páirtithe.
- (5) De bhun Airteagal 26.1.4(d) den Chomhaontú, glacfaidh Comhchoiste CETA a rialacha nós imeachta féin.
- (6) De bhun Airteagal 26.2.1(b) den Chomhaontú, is ceann de na coistí speisialaithe arna mbunú leis an gComhaontú an Coiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht.
- (7) De bhun Airteagal 26.2.4 den Chomhaontú, tá na coistí speisialaithe lena rialacha nós imeachta féin a shocrú agus a mhodhnú, má mheasann siad gurb iomchuí sin a dhéanamh.
- (8) Foráiltear le Riail 14.4 de Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste CETA, mar a leagtar amach i gCinneadh 001/2018 ó Chomhchoiste CETA an 26 Meán Fómhair 2018, go mbeidh feidhm ag na Rialacha Nós Imeachta *mutatis mutandis* maidir leis na coistí speisialaithe agus na comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú, mura gcinnfidh gach coiste speisialaithe a mhalairt de bhun Airteagal 26.2.4 den Chomhaontú.

- (9) I gcomhréir le hAirteagail 8.31.3 agus 8.44.3(a) den Chomhaontú, i gcás ina dtiocfaidh ábhar inní tromchúiseach chun cinn maidir le hábhair a bhaineann le léiriú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'infheistíocht, is féidir leis an gCoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht, ar chomhaontú ó na Páirtithe agus tar éis dóibh a gceanglais agus a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach a thabhairt chun críche, a mholadh do Chomhchoiste CETA léirithe ar an gComhaontú a ghlacadh. Beidh léiriú a ghlacann Comhchoiste CETA ceangailteach ar na Binsí a bunaíodh faoi Roinn F (Díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach) de Chaibidil a hOcht (Infheistíocht) den Chomhaontú. Is féidir le Comhchoiste CETA a chinneadh go mbeidh éifeacht cheangailteach ag léiriú ó dháta sonrath.
- (10) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste CETA a bhunú ar bhonn an dréachtchinnidh ó Chomhchoiste CETA chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Is ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste CETA<sup>1</sup> a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA maidir le cinneadh a ghlacadh i dtaobh an nós imeachta maidir le léirithe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 8.31.3 agus 8.44.3(a) den Chomhaontú mar Iarscríbhinn a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta.

### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*

---

---

<sup>1</sup> Féach doiciméad ST 6965/20 ar <http://register.consilium.europa.eu>.